



RIALACHÁN (AE) 2024/342 ÓN gCOIMISIÚN
an 22 Eanáir 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh cialfluimeitifeine, ocsaitiaipopróiline agus pireaclóstróibine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair loitnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás na substaintí gníomhacha cialfluimeitifein, ocsaitiaipopróilin agus pireaclóstróibin, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) Maidir le cialfluimeitifein, cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar an MRL atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh cialfluimeitifeine i gcúirséid agus gircíní.
- (3) I gcás an iarrtais sin, rinne Ballstát iarraidh ar úsáid a bhaint as an nós imeachta mear dá bhforáiltear sna Treoirlínte Teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú ⁽²⁾, chun MRL a shocrú ar bhonn trialacha iarmhar ar chúcamair.
- (4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) measúnú ar thrialacha iarmhar ar chúcamair faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh cialfluimeitifeine agus thug sé tuairim réasúnaithe uaidh maidir leis an MRL atá beartaithe ⁽³⁾. Braitheann an tuairim sin ar an eolas reatha eolaíoch agus teicniúil ar an ábhar. Ós rud é gurb iomchuí eachtarshuí a dhéanamh ó na trialacha ar iarmhair arna ndéanamh ar chúirséid, gircíní agus 'guird eile a bhfuil craiceann do-ite orthu', mar a dheimhnítear leis na Treoirlínte Teicniúla maidir le heachtarshuíomh MRLanna ⁽⁴⁾, ní gá iarraidh ar an Údarás tuairim réasúnaithe a sholáthar maidir leis na barra sin go sonrach.
- (5) Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL le haghaidh cialfluimeitifeine i gcúirséid, gircíní agus 'guird eile a bhfuil craiceann inite orthu' a shocrú ag 0,4 mg/kg ar bhonn na dtrialacha iarmhar arna ndéanamh ar chúcamair.
- (6) Maidir le hocsaitiaipopróilin, cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar an MRL atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh duillí raidise.
- (7) Maidir le pireaclóstróibin, cuireadh isteach iarratas ar lamháltais allmhairiúcháin le haghaidh na substainte sin a úsáidtear sa Bhrasaíl ar phapánna de bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Sholáthair an t-iarratasóir sonraí a léiríonn go sáraíonn na hiarmhair na MRLanna a shocraítear i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 nuair a úsáidtear pireaclóstróibin ar an mbarr sin de réir mar a úsáidtear í a úsáid sa Bhrasaíl, agus go mbeadh gá le MRL níos airde chun bacainní trádála ar allmhairiú an bhairr sin isteach san Aontas a sheachaint.

⁽¹⁾ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

⁽²⁾ *Technical guidelines MRL setting procedure in accordance with Articles 6 to 11 of Regulation (EC) No 396/2005 and Article 8 of Regulation (EC) No 1107/2009* [Treoirlínte teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú i gcomhréir le hAirteagail 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009] (SANTE/2015/10595 Rev. 6.1).

⁽³⁾ An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for cyflumetofen according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh cialfluimeitifeine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(8):6812.

⁽⁴⁾ *Technical guidelines on data requirements for setting maximum residue levels, comparability of residue trials and extrapolation of residue data on products from plant and animal origin* [Treoirlínte teicniúla maidir le ceanglais sonraí chun uasleibhéil iarmhar a shocrú, inchomparáideacht trialacha iarmhar agus eachtarshuíomh sonraí faoi iarmhair i ndáil le táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch] (SANTE/2019/12752 – an 10 Bealtaine 2023).

- (8) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
- (9) Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta. Rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe uaidh faoi na MRLanna atá beartaithe ⁽⁵⁾. Chuir sé na tuairimí réasúnaithe uaidh ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.
- (10) Maidir le hocsaitiaipróilín i nduilleá raidise, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh maidir le conas an MRL beartaithe a chur chun feidhme, ós rud é go n-áirítear duillí raidise i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus go n-aicmítear iad faoin bhfoghrúpa cáil, dá dtagraítear i gCuid A den Iarscríbhinn sin, ach go ndíorthaítear iarmhair ocsaitiaipróilíne i nduilleá raidise ó úsáid na substainte sin ar raidisí. Ós rud é nach dtuairiscítear aon úsáid san Aontas faoi láthair le haghaidh ocsaitiaipróilíne i gcáil, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ⁽⁶⁾, is iomchuí an MRL nua 1,5 mg/kg a mhol an tÚdarás le haghaidh ocsaitiaipróilíne i nduilleá raidise amháin a bhunú.
- (11) Maidir le pireaclóstróibín i bpapánna, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh maidir le cé acu MRL nua de 0,6 mg/kg a bhunú, mar a dhíorthaigh an tÚdarás ar bhonn an mheasúnaithe ar na rialacha ar iarmhair arna ndéanamh ar phapánna a chuir an Brasaíl isteach, nó de 0,5 mg/kg, mar atá i bhfeidhm sa tír is onnmhaireoir, an Bhrasaíl. I gcomhréir leis na Treoirlínte Teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú ⁽⁷⁾, MRL a bhunaítear faoi chuimsiú iarratais ar lamháltas allmhairiúcháin, níor cheart dó an MRL a fhormheastar sa tír is onnmhaireoir a shárú. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL a shocrú ag an leibhéal a leagtar síos sa Bhrasaíl (0,5 mg/kg).
- (12) Maidir leis na modhnuithe thuasluaite uile a d'iarr na hiarratasóirí ar na MRLanna le aghaidh cialluimeitifeine, ocsaitiaipróilíne agus pireaclóstróibíne, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais sonraí uile agus gurbh inghlactha na modhnuithe a d'iarr na hiarratasóirí ar na MRLanna maidir le sábháilteacht an tomhaltóra ar bhonn measúnú ar theagmháil an tomhaltóra i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha sonracha. Leis an gconclúid sin, chuir an tÚdarás na sonraí is déanaí ar airíonna tocsaineolaíocha na substaintí san áireamh. Maidir le teagmháil fhadtéarmach leis na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh siad a bheith iontu, agus maidir le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, ní léirítear baol i leith ceachtar acu sin go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.
- (13) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás, agus na gnéithe ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, comhlíonann na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna ceanglais an Airteagail sin.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽⁵⁾ *Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue level for oxathiapiprolin in kales/radish leaves* [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh ocsaitiaipróilíne i gcáil/duillí raidise]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(1):7049.

Reasoned Opinion on the setting of import tolerance for pyraclostrobin in papayas [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh pireaclóstróibíne i bpapánna]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(6):8056.

⁽⁶⁾ Tuarascáil ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, an Roinn Fiteacógaisíochta — Iarmhair, Aibreán 2022. https://food.ec.europa.eu/system/files/2022-05/sc_phyto_20220411_ppl_sum.pdf.

⁽⁷⁾ *Technical guidelines MRL setting procedure in accordance with Articles 6 to 11 of Regulation (EC) No 396/2005 and Article 8 of Regulation (EC) No 1107/2009* [Treoirlínte teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009] (SANTE/2015/10595 Rev. 6.1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh ciafluimeitifeine, ocsaitiaipiopróiline agus pireaclóstróibine:

“[IARSCRÍBHINN II]

Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)				
Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ^(a)	Ciafluimeitifein (an tsuim isimeirí)	Ocsaitiaipiopróilin	Pireaclóstróibin (F)
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN			
0110000	Torthaí citris	0,5	0,05	2
0110010	Seadóga			
0110020	Oráistí			
0110030	Líomóidí			
0110040	Líomaí			
0110050	Mandairíní			
0110990	Eile (2)			
0120000	Cnónna crann	0,01 (*)	0,01 (*)	
0120010	Almóinní			0,02 (*)
0120020	Cnónna Brasaíleacha			0,02 (*)
0120030	Cnónna caisiú			0,02 (*)
0120040	Castáin			0,02 (*)
0120050	Cnónna cócó			0,02 (*)
0120060	Cnónna coill			0,02 (*)
0120070	Macadaimia			0,02 (*)

0120080	Cnónna peacáin			0,02 (*)
0120090	Eithní cnónna péine			0,02 (*)
0120100	Cnónna pistéise			1
0120110	Gallchnónna			0,02 (*)
0120990	Eile (2)			0,02 (*)
0130000	Torthaí póma	0,4	0,01 (*)	0,5
0130010	Úlla			
0130020	Piorraí			
0130030	Cainchí			
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach			
0130050	Locuatanna			
0130990	Eile (2)			
0140000	Torthaí cloiche		0,01 (*)	
0140010	Aibreoga	0,3		1
0140020	Silíní (iad milis)	0,01 (*)		3
0140030	Péitseoga	0,3		0,3
0140040	Plumaí	0,01 (*)		0,8
0140990	Eile (2)	0,01 (*)		0,02 (*)
0150000	Caora agus torthaí beaga			
0151000	(a) fíonchaora	0,6	0,7	
0151010	Fíonchaora boird			0,3
0151020	Fíniúnacha coiteanna			2
0152000	(b) sútha talún	0,6	0,01 (*)	1,5
0153000	(c) torthaí cána	0,01 (*)		
0153010	Sméara dubha		0,5	3
0153020	Eithreoga		0,01 (*)	2
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		0,5	3
0153990	Eile (2)		0,01 (*)	2

0154000	(d) torthaí beaga eile agus caora eile			
0154010	Fraocháin	0,01 (*)	0,5	4
0154020	Mónóga	0,01 (*)	0,01 (*)	3
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	0,01 (*)	0,01 (*)	3
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	0,01 (*)	0,01 (*)	3
0154050	Mogóirí róis	0,01 (*)	0,01 (*)	3
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	0,01 (*)	0,01 (*)	3
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	0,4	0,01 (*)	3
0154080	Caora troim	0,01 (*)	0,01 (*)	3
0154990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	3
0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil		0,01 (*)	
0161000	(a) craiceann inite			0,02 (*)
0161010	Dátaí	0,01 (*)		
0161020	Figí	0,01 (*)		
0161030	Ológa boird	0,01 (*)		
0161040	Cumcuait	0,01 (*)		
0161050	Torthaí réaltúla	0,01 (*)		
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	0,4		
0161070	Plumaí láva	0,01 (*)		
0161990	Eile (2)	0,01 (*)		
0162000	(b) craiceann do-ite, é beag	0,01 (*)		
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)			0,02 (*)
0162020	Lítsíonna			0,02 (*)
0162030	Páiseoga			0,2
0162040	Piorraí deilgneacha			0,02 (*)
0162050	Réalt-úlla			0,02 (*)
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha			0,02 (*)

0162990	Eile (2)			0,02 (*)
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór	0,01 (*)		
0163010	Abhacáid			0,2
0163020	Bananaí			0,02 (*)
0163030	Mangónna			0,6
0163040	Papánna			0,5
0163050	Pomagránaití			0,02 (*)
0163060	Céiriomoighe			0,02 (*)
0163070	Guábhaí			0,02 (*)
0163080	Anainn			0,3
0163090	Torthaí aráin			0,02 (*)
0163100	Duraigh			0,02 (*)
0163110	Úlla deilgneacha			0,02 (*)
0163990	Eile (2)			0,02 (*)
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE			
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair	0,01 (*)	0,01 (*)	
0211000	(a) prátaí			0,02 (*)
0212000	(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha			0,02 (*)
0212010	Casabhaigh			
0212020	Prátaí milse			
0212030	Ionaim			
0212040	Ararút			
0212990	Eile (2)			
0213000	(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra			
0213010	Meacain bhiatais			0,5
0213020	Meacain dhearga			0,5
0213030	Soiliriach/soilire tornapa			0,5
0213040	Meacain ragaim			0,5

0213050	Bliosáin ghréine			0,06
0213060	Meacain bhána			0,5
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg			0,5
0213080	Raidisí			0,5
0213090	Salsabh			0,5
0213100	Svaeideanna			0,5
0213110	Tornapaí			0,5
0213990	Eile (2)			0,02 (*)
0220000	Glasraí bleibíní	0,01 (*)		
0220010	Gairleog		0,04	0,3
0220020	Oinniúin		0,04	1,5
0220030	Seallóidí		0,04	0,3
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		2	1,5
0220990	Eile (2)		0,04	0,02 (*)
0230000	Glasraí a thugann torthaí			
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae			
0231010	Trátaí	0,4	0,4	0,3
0231020	Piobair	0,01 (*)	0,2	0,5
0231030	Ubhthorthaí	0,4	0,4	0,3
0231040	Ocra	0,01 (*)	0,2	0,02 (*)
0231990	Eile (2)	0,01 (*)	0,2	0,02 (*)
0232000	(b) guird a bhfuil craiceann inite acu	0,4	0,2	0,5
0232010	Cúcamair			
0232020	Gircíní			
0232030	Cúirséid			
0232990	Eile (2)			

0233000	(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu	0,01 (*)	0,2	0,5
0233010	Mealbhacáin			
0233020	Puimcíní			
0233030	Mealbhacáin uisce			
0233990	Eile (2)			
0234000	(d) arbhar milis	0,01 (*)	0,01 (*)	0,04
0239000	(e) glasraí eile a thugann torthaí	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)
0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)	0,01 (*)		
0241000	(a) praiseach bhlátha		1,5	0,5
0241010	Brocailí			
0241020	Cóilis			
0241990	Eile (2)			
0242000	(b) praiseach chinn			
0242010	Bachlóga Bruiséile		0,01 (*)	0,3
0242020	Cabáistí cinn		0,7	0,4
0242990	Eile (2)		0,01 (*)	0,02 (*)
0243000	(c) praiseach dhuilleach			1,5
0243010	Cabáistí Síneacha		9	
0243020	Cáil		0,01 (*) (*)	
0243990	Eile (2)		0,01 (*)	
0244000	(d) cálráibí		0,01 (*)	0,02 (*)
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite			
0251000	(a) leitísí agus plandaí sailéid	0,01 (*)	5	
0251010	Ceathrúna uain			10
0251020	Leitísí			2
0251030	Searbháin muc			0,4

0251040	Biolair agus eascróga agus péacáin eile			10
0251050	Biolair thalún			10
0251060	Ruachán Rómhánach			10
0251070	Mustard dearg			10
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisi)			10
0251990	Eile (2)			10
0252000	(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla	0,01 (*)	15	
0252010	Spionáistí			0,6
0252020	Puirsleáin			0,02 (*)
0252030	Seardas/duilleoga biatais			1,5
0252990	Eile (2)			0,02 (*)
0253000	(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla	0,01 (*)	40	0,02 (*)
0254000	(d) biolair uisce	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)
0255000	(e) searbháin na Beilge	0,01 (*)	0,01 (*)	0,09
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite	0,02 (*)		2
0256010	Costóg		0,02 (*)	
0256020	Síobhas		0,02 (*)	
0256030	Duilleoga soilire		0,02 (*)	
0256040	Peirsil		0,02 (*)	
0256050	Sáiste		0,02 (*)	
0256060	Marós		0,02 (*)	
0256070	Tím		0,02 (*)	
0256080	Basal agus bláthanna inite		10	
0256090	Duilleog labhrais		0,02 (*)	
0256100	Dragan		0,02 (*)	
0256990	Eile (2)		0,02 (*)	

0260000	Léagúim	0,01 (*)		
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		0,01 (*)	0,6
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		0,01 (*)	0,3
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		1	0,6
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		0,01 (*)	0,15
0260050	Lintilí		0,01 (*)	0,02 (*)
0260990	Eile (2)		0,01 (*)	0,02 (*)
0270000	Glasraí gais	0,01 (*)		
0270010	Lus súpach		2	0,02 (*)
0270020	Cardúin		0,01 (*)	0,02 (*)
0270030	Soilirí		0,01 (*)	1,5
0270040	Finéal Fhlórans		0,01 (*)	1,5
0270050	Bliosáin chruinne		0,01 (*)	3
0270060	Cainneanna		2	0,8
0270070	Biabhóg		0,01 (*)	0,02 (*)
0270080	Péacáin bhambú		0,01 (*)	0,02 (*)
0270090	Croíthe pailme		0,01 (*)	0,02 (*)
0270990	Eile (2)		0,01 (*)	0,02 (*)
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)
0280010	Fungais shaothraithe			
0280020	Fungais fhiáine			
0280990	Caonaigh agus léicin			
0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02 (*)
0300000	PISEÁNAIGH	0,01 (*)	0,01 (*)	
0300010	Pónairí			0,3
0300020	Lintilí			0,5
0300030	Piseanna			0,3

0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní			0,05
0300990	Eile (2)			0,3
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHÁÍ	0,01 (*)	0,01 (*)	
0401000	Olashíolta			
0401010	Ros lín			0,2
0401020	Piseanna talún			0,04
0401030	Síolta poipín			0,2
0401040	Síolta seasamain			0,2
0401050	Síolta lus na gréine			0,3
0401060	Síolta ráibe			0,2
0401070	Pónairí soighe			0,2
0401080	Síolta mustaird			0,2
0401090	Síolta cadáis			0,3
0401100	Síolta puimcín			0,02 (*)
0401110	Síolta cróch bréige			0,2
0401120	Síolta borraiste			0,2
0401130	Caimilín			0,2
0401140	Síolta cnáibe			0,02 (*)
0401150	Pónairí ricne			0,2
0401990	Eile (2)			0,02 (*)
0402000	Olathorthaí			0,02 (*)
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola			
0402020	Eithní pailme ola			
0402030	Torthaí pailme ola			
0402040	Capac			
0402990	Eile (2)			
0500000	GRÁNAIGH	0,01 (*)	0,01 (*)	
0500010	Eorna			1

0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile			0,02 (*)
0500030	Arbhar Indiach/arbhar			0,02 (*)
0500040	Muiléad coiteann			0,02 (*)
0500050	Coirce			1
0500060	Rís			0,09
0500070	Seagal			0,2
0500080	Sorgam			0,5
0500090	Cruithneacht			0,2
0500990	Eile (2)			0,02 (*)
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB	0,05 (*)		
0610000	Taenna		0,05 (*)	0,1 (*)
0620000	Pónairí caife		0,05 (*)	0,3
0630000	Insiltí luibhe ó			0,1 (*)
0631000	(a) bláthanna		0,05 (*)	
0631010	Camán meall			
0631020	Roiseog			
0631030	Rós			
0631040	Seasmain			
0631050	Teile			
0631990	Eile (2)			
0632000	(b) duilleoga agus luibheanna		0,05 (*)	
0632010	Sú talún			
0632020	Rooibos			
0632030	Maité			
0632990	Eile (2)			
0633000	(c) fréamhacha			
0633010	Caorthann corraigh		0,05 (*)	

0633020	Ginsing		0,15	
0633990	Eile (2)		0,05 (*)	
0639000	(d) aon chuid eile den phlanda		0,05 (*)	
0640000	Pónairí cócó		0,05 (*)	0,1 (*)
0650000	Carúib		0,05 (*)	0,1 (*)
0700000	LEANNLUSANNA	30	8	15
0800000	SPÍOSRAÍ			
0810000	Spíosraí ó shíolta	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0810010	Ainís			
0810020	Calaindí			
0810030	Soilire			
0810040	Lus an choir			
0810050	Cuimín			
0810060	Lus mín			
0810070	Finéal			
0810080	Feinigréag			
0810090	Noitmig			
0810990	Eile (2)			
0820000	Spíosraí ó thorthaí	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó			
0820020	Piobar Szechuan			
0820030	Cearbhas			
0820040	Cardamam			
0820050	Caor aitol			
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)			
0820070	Fanaile			
0820080	Tamarain			
0820990	Eile (2)			

0830000	Spíosraí ó choirt	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0830010	Cainéal			
0830990	Eile (2)			
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm			
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0840020	Sinséar (10)			
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)			
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0850010	Clóibh			
0850020	Caprais			
0850990	Eile (2)			
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0860010	Cróch			
0860990	Eile (2)			
0870000	Spíosraí arail	0,05 (*)	0,05 (*)	0,1 (*)
0870010	Maicis			
0870990	Eile (2)			
0900000	PLANDAÍ SIÚCRA	0,01 (*)	0,01 (*)	
0900010	Fréamhacha biatas siúcra			0,2
0900020	Cánaí siúcra			0,08
0900030	Fréamhacha siocaire			0,5
0900990	Eile (2)			0,02 (*)
1000000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN			
1010000	Tráchtearraí ó		0,01 (*)	0,05 (*)
1011000	(a) mucra			
1011010	Matán	0,01 (*) (†)		

1011020	Saill	0,01 (*) (+)		
1011030	An t-ae	0,02 (+)		
1011040	An duán	0,02 (+)		
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,02		
1011990	Eile (2)	0,01 (*)		
1012000	(b) bó-ainmhithe	0,01 (*)		
1012010	Matán	(+)		
1012020	Saill	(+)		
1012030	An t-ae	(+)		
1012040	An duán	(+)		
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1012990	Eile (2)			
1013000	(c) caoirigh			
1013010	Matán	0,01 (*) (+)		
1013020	Saill	0,01 (*) (+)		
1013030	An t-ae	0,02 (+)		
1013040	An duán	0,02 (+)		
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,02		
1013990	Eile (2)	0,01 (*)		
1014000	(d) gabhair			
1014010	Matán	0,01 (*) (+)		
1014020	Saill	0,01 (*) (+)		
1014030	An t-ae	0,02 (+)		
1014040	An duán	0,02 (+)		
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,02		
1014990	Eile (2)	0,01 (*)		
1015000	(e) each-ainmhithe	0,01 (*)		
1015010	Matán	(+)		

1015020	Saill	(⁴)		
1015030	An t-ae	(⁴)		
1015040	An duán	(⁴)		
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1015990	Eile (2)			
1016000	(f) éanlaith chlóis	0,01 (*)		
1016010	Matán			
1016020	Saill			
1016030	An t-ae			
1016040	An duán			
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1016990	Eile (2)			
1017000	(g) ainmhithe talún feirme eile			
1017010	Matán	0,01 (*)		
1017020	Saill	0,01 (*)		
1017030	An t-ae	0,02		
1017040	An duán	0,02		
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,02		
1017990	Eile (2)	0,01 (*)		
1020000	Bainne	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
1020010	Eallach	(⁴)		
1020020	Caoirigh	(⁴)		
1020030	Gabhair	(⁴)		
1020040	Capall	(⁴)		
1020990	Eile (2)			
1030000	Uibheacha éan	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)
1030010	An chearc			

1030020	Lacha			
1030030	Géanna			
1030040	Gearg			
1030990	Eile (2)			
1040000	Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
1050000	Débheathaigh agus Reiptílí	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)
1060000	Ainmhithe inverteabracha talún	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)
1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0,01 (*)	0,01 (*)	0,05 (*)
1100000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)			
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)			
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)			

- (*) Léiríonn an (*) íostearainn an chinnidh anailísigh
- (^e) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí iad a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I
- (ⁱ) Comhcheangal lotnaidicíde/táirge dá bhfuil fonóta ann. Tá liosta na bhfonótaí thíos.

Ciafluimeitifein (an tsuim isiméirí)

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 27 Eanáir 2025, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

1011010 Matán

1011020 Saill

1011030 An t-ae

1011040 An duán

1012010 Matán

1012020 Saill

1012030 An t-ae

1012040 An duán

1013010 Matán

1013020 Saill

1013030 An t-ae

1013040 An duán

1014010 Matán

1014020 Saill

1014030 An t-ae

1014040 An duán
1015010 Matán
1015020 Saill
1015030 An t-ae
1015040 An duán
1020010 Eallach
1020020 Caoirigh
1020030 Gabhair
1020040 Capall

Ocsaitiaipiópróilin

Tá feidhm ag an MRL seo a leanas maidir le duillí raidise: 1,5 mg/kg.

0243020 Cáil

Pireaclóstróibin (F)

(F) Intuaslagtha i saill”
